2021.M24T

2021L005A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Tíreolaíocht

## Cuid a hAon agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

Dé hAoine 11 Meitheamh    Maidin 9:30 – 12:20

320 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Mar shampla, cuirtear 3 Feabhra isteach mar 0302

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá dhá chuid sa scrúdú seo. Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith, ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

**CUID A hAON** Ceisteanna Gearrfhreagra **80 marc**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

**CUID A DÓ** Ceisteanna Struchtúrtha agus Aiste **240 marc**

Ní mór duit **TRÍ** cheist a fhreagairt. Ní cheadaítear duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceisteanna 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceisteanna 13-24)

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC**

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Tírdhreach a Aithint**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.


Sa tábla thíos, meaitseáil gach ceann de na gnéithe tírdhreacha seo a leanas leis an tagairt eangaí is fearr a mheaitseálann a suíomh ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis:

- Foirmiú lúblocha
- V-ghleann
- Leibhéanna
- Cumar aibhneacha.

| Tagairt Eangaí | Gné |
|---|---|
| G 30 08 | |
| M 29 98 | |
| G 26 07 | |
| M 28 99 | |

**[8m]**

**2. Teicteonaic Plátaí**



Curtha in oiriúint ó www.dkfindout.com

Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** leis an téarma is fearr a mheaitseálann í sa tábla thíos.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Sruthanna Comhiompair | |
| Trinse Aigéin | |
| Fillsléibhte | |
| Fócas creatha talún | |

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de shliabhraon, nach bhfuil in Éirinn, agus a foirmíodh de bharr fillte.

(iii) Ainmnigh cineál na teorann plátaí a léirítear sa léaráid thuas.

**[8m]**

## 3. An Comhshaol Fisiceach













Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.


(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an ngné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.

(ii) Maidir le gach ceann de na gnéithe sa tábla thíos, cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu próisis an chreimthe, an tsil-leagain nó an tsíonchaithimh is mó a luaitear léi.

| **C.3 (i)** | **Gné** | **C.3 (ii)** | | |
|---|---|---|---|---|
| **Litir** | | **Creimeadh** (✓) | **Sil-leagan** (✓) | **Síonchaitheamh** (✓) |
| | Stríocadh | | | |
| | Fána sciligh | | | |
| | Moiréin | | | |
| | Pábháil aolchloiche | | | |

**[8m]**

## 4. Carraigeacha




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na suíomhanna **A**, **B** agus **C** ar an léarscáil leis an gcineál carraige is mó a luaitear leis an suíomh sin sa tábla thíos.

(ii) Maidir le gach ceann de na cineálacha carraige a ainmnítear sa tábla thíos, cuir tic sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu an sampla de bhruthcharraig, sampla de charraig dhríodair nó sampla de charraig mheiteamorfach é gach ceann acu.


| C.4 (i) | | C.4 (ii) | | |
|---|---|---|---|---|
| **Suíomh** | **Sampla Carraige** | **Bruthcharraig (✓)** | **Carraig Dhríodair (✓)** | **Carraig Mheiteamorfach (✓)** |
| | Gaineamhchloch | | | |
| | Aolchloch | | | |
| | Eibhear | | | |

(iii) Ainmnigh an charraig dhríodair as ar cruthaíodh gach ceann de na carraigeacha seo a leanas sular claochlaíodh iad de bharr teasa agus/nó brú.

| | |
|---|---|
| Marmar: | |
| Grianchloichít: | |

**[8m]**

**5. Teicteonaic Plátaí - Gníomhaíocht ag Pointe Te**




Curtha in oiriúint ó https://img.haikudeck.com

Scrúdaigh an léaráid thuas ina léirítear pointe te bolcánach ag forbairt, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F** ar an léaráid leis an gcur síos sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann í.

| Cur Síos | Litir |
|---|---|
| Screamh aigéanach | |
| Bolcán marbh atá le feiceáil os cionn dhromchla an uisce | |
| Bolcán beo | |
| Astanaisféar | |
| An bolcán marbh is sine | |
| Cleitín magma | |

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de phointe te bolcánach a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[8m]**

**6. Coincheap an Réigiúin**

(i) Comhlánaigh an tábla thíos trí na samplaí réigiúin sa liosta a mheaitseáil leis an gcineál réigiúin sa tábla is mó a luaitear leis.

**Samplaí Réigiúin:**

Réigiún Iomairí agus Gleannta na Mumhan

Réigiún Fionnuar Measartha Aigéanach

An *Mezzogiorno*

Tír na mBascach

*Milano*

Dáilcheantar Shligigh-Liatroma

| An Cineál Réigiúin | Sampla Réigiúin |
|---|---|
| Réigiún aeráide | |
| Réigiún uirbeach | |
| Réigiún forimeallach | |
| Réigiún riaracháin in Éirinn | |
| Réigiún geomoirfeolaíoch | |
| Réigiún cultúir | |

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis seo a leanas.

(a) Tarlaíonn eisimirce ghlan i gcroí-réigiúin.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) Luaitear dífhostaíocht ard agus monarchana tréigthe le réigiúin ina bhfuil meath tionsclaíochta ar siúl.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**7. Scileanna Léarscáile**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad é an airde, ina méadair, atá ag an spotairde ag G 314 083?

(ii) Tomhais an fad, ina chiliméadair, atá i mbóthar N26 ón áit a dtagann sé isteach sa léarscáil ag G 254 090 go dtí an áit a mbuaileann sé le bóthar R318 ag G 268 042.

(iii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don stáisiún traenach.

(iv) Ríomh, ina chiliméadair chearnacha, gar-achar an tsleachta léarscáile a luíonn siar ón líne iarnród.

**[8m]**

**8. Aerfótagraf agus Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa, agus an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an bóthar a thagann isteach san aerfótagraf sa tulra ar chlé.

(ii) Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr don droichead atá suite i lár an talaimh láir san aerfótagraf.

(iii) Cén treo ina raibh an ceamara dírithe nuair a tógadh an t-aerfótagraf?

(iv) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.


Tá eaglais ar a bhfuil cruth croise sa tulra ar chlé.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**9. Aerfótagraif**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf fiar de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo **agus** an t-aerfótagraf ceartingearach thíos de Bhéal Easa. Glacadh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo 14 bliana i ndiaidh don aerfótagraf fiar thíos a bheith glactha.





www.geohive.ie

Aimsigh gach ceann de na suíomhanna **A**, **B**, **C**, **D** agus **E** ar an aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Cuir in iúl cé acu de na hathruithe talamhúsáide sa tábla thíos is mó a luaitear le gach ceann de na suíomhanna **A**, **B**, **C**, **D** agus **E**. Tá ceann amháin déanta duit cheana.

| Athrú Talamhúsáide | Litir |
|---|---|
| Ó spás glas go fásach | |
| Ó spás glas go láthair le haghaidh caitheamh aimsire | |
| Ó spás oscailte go háit chónaithe | |
| Ó áit thionsclaíoch go háit chónaithe | **B** |
| Ó thalmhaíocht go bóthar faoisimh | |

**[8m]**

**10. Staitisticí Aimsire**




Scrúdaigh an léarscáil aimsire thuas ina dtaispeántar eolas faoi iomlán na báistí míosúla in Éirinn do mhí Dheireadh Fómhair 2020, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad báistí (ina mm) a thit sa limistéar atá marcáilte le **X** ar an léarscáil thuas?

(ii) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá na ráitis seo a leanas.

(a) I nDeireadh Fómhair 2020, thit níos mó báistí ar chósta oirthear na hÉireann ná mar a thit ar chósta an iarthair.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(b) I nDeireadh Fómhair 2020, bhí baint ag báisteach rilífe thar shléibhte le cá háit ar thit an méid is mó báistí.

Fíor ☐ Bréagach ☐

(iii) Cén t-ainm a thugtar ar na línte ar léarscáil aimsire a cheanglaíonn áiteanna ina dtiteann an méid céanna báistí?

(iv) An mó is dócha go dtitfidh báisteach le linn frithchioclóin ná le linn lagraigh?

**[8m]**

**11. Léirmhíniú ar Staitisticí**

Táirgeadh Barr Roghnaithe in Éirinn (ina mílte tonna), 2014 – 2019

| Cineál Bairr | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cruithneacht | 717 | 697 | 648 | 682 | 507 | 636 |
| Coirce | 150 | 198 | 183 | 205 | 122 | 203 |
| Eorna | 1,731 | 1,739 | 1,480 | 1,506 | 1,225 | 1,558 |
| Pónairí agus piseanna | 20 | 69 | 71 | 90 | 23 | 44 |
| Prátaí | 383 | 360 | 352 | 412 | 273 | 382 |

Curtha in oiriúint ón POS

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar eolas faoi tháirgeadh barr roghnaithe in Éirinn idir 2014 agus 2019, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé mhéad tonna prátaí (ina mílte) a táirgeadh in Éirinn in 2018?

(ii) Cén bhliain ar an liosta sa tábla ar táirgeadh an leibhéal is airde coirce lena linn?

(iii) Ríomh an laghdú (ina mílte tonna) ar tháirgeadh na heorna idir 2014 agus 2019.


(iv) Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun a chur in iúl cé acu fíor nó bréagach atá an ráiteas seo a leanas.

Baineann an fheirmeoireacht thréadach le barra ar nós cruithneachta agus eorna a fhás.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**[8m]**

**12. Léirmhíniú ar Ghrafaicí**




Scrúdaigh an ghrafaic faisnéise thuas faoi na difríochtaí idir a bheith i do chónaí i suíomh uirbeach agus faoin tuath san Aontas Eorpach, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) De réir na grafaice faisnéise, cé acu ceann díobh seo a leanas ag a bhfuil an sciar céatadánach is airde den daonra san Aontas Eorpach? Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Cathracha ☐ Bailte móra agus bruachbhailte ☐ Ceantair Thuaithe ☐

(ii) Cén céatadán de dhaonra an Aontais Eorpaigh i gceantair thuaithe a dhéanann rochtain ar an idirlíon ar bhonn laethúil?

(iii) Cén céatadán de dhaonra an Aontais Eorpaigh, a chónaíonn i mbailte móra agus bruachbhailte, atá dífhostaithe?


(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil níos mó daoine ina gcónaí i gceantair uirbeacha ná i gceantair thuaithe.

**[8m]**

# Freagarleabhar do CHUID A DÓ

## Treoracha

Tá na ceisteanna do **CHUID A DÓ** ar fáil i gceistpháipéar ar leith.
Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh.
Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá ceithre leathanach grafpháipéir ar fáil ar na chéad cheithre leathanach eile sa fhreagarleabhar seo. Ar gach leathanach grafpháipéir, tá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanaigh.

Ní gá duit na leathanaigh ar fad sa fhreagarleabhar seo a úsáid. Mura mbíonn dóthain spáis agat sa fhreagarleabhar seo, is féidir leat breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Ceist

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuir tús le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a hAon agus Freagarleabhar

Dé hAoine 11 Meitheamh

Maidin 9:30 – 12:20

2021. M24T 2021L005A4IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2021

# Tíreolaíocht

## Cuid a Dó

## Ardleibhéal

Dé hAoine 11 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:20

320 marc

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 240 MARC

Ní mór duit **TRÍ** cheist a fhreagairt. Ní cheadaítear duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1 – **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach** (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2 – **Tíreolaíocht Réigiúnach** (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3 – **Toghaonaid** (Ceisteanna 7-12)
- Roinn 4 – **Roghaonaid** (Ceisteanna 13-24)

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR INA BHFUIL CUID A hAON***

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISEACHACH

**Ceisteanna 1 go 3**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Limistéar iomlán Loch Cuilinn
- Cúrsa Abhainn na Muaidhe idir G 259 024 agus G 269 090
- Cuir **X** ag cumar Abhainn na Muaidhe agus na hAbhann Buí
- An limistéar talún iomlán atá os cionn 200 méadar.

**[20m]**

**1B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii)

(i) Scrúdaigh an chaoi a dtéann **próiseas an tsil-leagain** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann **amháin nó** ar fhoirmiú tírghné cósta **amháin nó** ar fhoirmiú tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **na tosca a rialaíonn oibriú** próisis ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**


**1C. Gníomhaíocht Sheismeach**

Mínigh conas is féidir creathanna talún a thuar agus a gcuid iarmhairtí a laghdú.

**[30m]**

## Ceist 2

### 2A. Tírghnéithe Cósta




Scrúdaigh an fótagraf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe a foirmíodh mar thoradh ar na próisis chósta ar a bhfuil na lipéid **A**, **B**, **C** agus **D**.

(ii) Ainmnigh **dhá** phróiseas shonracha de chreimeadh cósta.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí le *tonnta déanmhasacha*.

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí le *tonn-athraonadh*.

**[20m]**

### 2B. Forbairt Tírdhreach

Scrúdaigh an chaoi a gcruthaítear tírdhreacha sainiúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha, agus bíodh tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

### 2C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Bíonn tionchar ag idirghníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.


Scrúdaigh an ráiteas sin agus tú ag tagairt do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag bearta rialúcháin tuilte ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag bearta cosanta cósta ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Bolcáin




**Bolcáin san Indinéis**

Is bolcán beo é Agung atá suite in oileánra stuach na hIndinéise. Foirmíodh na hoileáin Java agus Bali agus a lán oileán Indinéiseacha eile mar thoradh ar idirghníomhaíochtaí idir pláta teicteonach na hAstráile agus pláta teicteonach Sunda.

Sa limistéar seo tá Pláta na hAstráile ag gluaiseacht ó thuaidh soir ó thuaidh. Tá Pláta Sunda ag gluaiseacht siar siar ó thuaidh. Tá an dá phláta seo ag imbhualadh in aghaidh a chéile thart ar 200 míle ó dheas d'oileán Java, áit a bhfoirmíonn siad Trinse Sunda-Java. Tá fodhuchtú ar siúl ag Trinse Sunda-Java a bhfuil baint ag an bPláta Astrálach agus ag Pláta Sunda leis.

Curtha in oiriúnt ó www.geology.com

Scrúdaigh an léarscáil agus an téacs thuas ina dtugtar eolas faoi bholcáin san Indinéis, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh an bolcán is gaire do Agung ar oileán Bali.

(ii) Cén treo ina bhfuil an Pláta Astrálach ag gluaiseacht **agus** cén luas (ina mm/in aghaidh na bliana) ata faoi?

(iii) Ainmnigh **dhá** ábhar phireaclastacha a eisteilgtear as bolcán le linn brúchta.

(iv) Céard é an t-ainm atá ar chón bolcánach atá tar éis titim isteach air féin i ndiaidh brúchta?

(v) Mínigh go hachomair cad is brí le próiseas an *fhodhuchtaithe*.

(vi) Mínigh go hachomair cad is brí le bolcán *suanach*.

**[20m]**

### 3B. Coigeartú Abhann

Scrúdaigh an chaoi a n-athraítear an tírdhreach nuair a thagann athrú ar abhainn mar thoradh ar athrú bonnleibhéil, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

### 3C. Bruthcharraig

Mínigh foirmiú **dhá** bhruthcharraig, agus bíodh tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**

## ROINN 2

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceisteanna 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil imchrutha sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas:

- Imchruth de ghné ainmnithe rilífe (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Imchruth de réigiún talmhaíochta ainmnithe nó de réigiún tionsclaíochta ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

**[20m]**

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach**

Mínigh **dhá** thoisc ar bith a chuaigh i bhfeidhm ar an gcaoi ar forbraíodh gníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**4C. An tAontas Eorpach**

Mínigh **gach** ceann de na dúshláin seo a leanas atá roimh an Aontas Eorpach:

- Dúshláin shóisialta
- Dúshláin gheilleagracha.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Cúrsaí Iascaireachta san Aontas Eorpach

Líon na nÁrthaí i gCabhlach Iascaireachta an Aontais Eorpaigh, 2008 agus 2017 (tíortha roghnaithe)

| Tír | 2008 | 2017 | sciar % de chabhlach iascaireachta AE in 2017 |
|---|---|---|---|
| An Danmhairg | 2,886 | 2,205 | 2.7% |
| An Ísiltír | 822 | 849 | 1.0% |
| Éire | 2,022 | 2,022 | 2.4% |
| An Ghréig | 17,138 | 14,977 | 18.1% |
| An Iodáil | 13,613 | 12,250 | 14.8% |
| An Spáinn | 11,424 | 9,147 | 11.1% |
| An chuid eile den AE | 37,536 | 41,287 | 49.9% |
| Iomlán | 85,441 | 82,737 | 100% |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar líon na n-árthaí i gcabhlach iascaireachta an Aontais Eorpaigh (AE) agus i dtíortha roghnaithe in 2008 agus in 2017, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) De réir an tábla thuas, cén tír aonair ina raibh an sciar céatadánach ab airde de chabhlach iascaireachta an AE in 2017?

(ii) De réir an tábla thuas, cén tír aonair inar tháinig méadú ar a cabhlach idir 2008 agus 2017?

(iii) Cérbh é sciar céatadánach na hIodáile de chabhlach iascaireachta an Aontais Eorpaigh in 2008?

(iv) Ainmnigh **dhá** chalafort iascaireachta in Éirinn.

(v) Mínigh go hachomair **dhá** chúis ar tháinig laghdú ar líon na n-árthaí iascaireachta san AE idir 2008 agus 2017.

**[20m]**

### 5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach

Scrúdaigh **dhá** thoisc a raibh tionchar acu ar fhorbairt na turasóireachta i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

### 5C. Forbairt Uirbeach


Déan plé ar na tosca a raibh tionchar acu ar fhorbairt limistéir uirbigh **amháin** i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

# Ceist 6

## 6A. Ioncam Indiúscartha i Réigiúin in Éirinn

Meánioncam indiúscartha an duine i Réigiúin in Éirinn agus meán an Stáit in 2016 agus in 2017



| Réigiún | 2016 | 2017 |
|---|---|---|
| An Teorainn | €16,047 | €17,051 |
| An tIarthar | €17,447 | €18,308 |
| An tIarthar Láir | €19,553 | €20,623 |
| Meán an Stáit | €19,660 | €20,714 |
| An tIardheisceart | €19,040 | €19,893 |
| Lár na Tíre | €16,828 | €19,030 |
| Baile Átha Cliath | €23,005 | €23,864 |
| An tOirthear Láir | €19,655 | €21,354 |
| An tOirdheisceart | €18,213 | €18,616 |

Curtha in oiriúint ó www.arcgis.com agus POS

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén meánioncam indiúscartha (ina €) a bhí ann i réigiún an Iardheiscirt in 2016 **agus** in 2017?

(ii) Cé mhéad réigiún ina raibh an meánioncam indiúscartha faoi bhun mheán an Stáit in 2016?

(iii) Ríomh an difríocht idir an meánioncam indiúscartha in 2016 agus in 2017 i Lár na Tíre.

(iv) Cén réigiún ina raibh an meánioncam indiúscartha ab ísle in 2016 agus in 2017?

(v) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a raibh an meánioncam indiúscartha ab airde sa Stát i réigiún Bhaile Átha Cliath.

(vi) Mínigh go hachomair modh **amháin** a bhféadfadh infheistíocht i mbonneagar iompair na hÉireann cuidiú leis na difríochtaí ioncaim sna réigiúin a laghdú.

**[20m]**

**6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil – Talmhaíocht**

Tabhair míniú ar fhorbairt na talmhaíochta i réigiún san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus bíodh tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Rilíf
- Aeráid
- Margaí.

**[30m]**

**6C. Dinimic Réigiún – Próisis an Duine**

| | | |
|---|---|---|
| Dinimic Dhaonra | Teanga | Reiligiún |
| Forbairt Uirbeach | Forbairt Tuaithe | |

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag **dhá cheann** ar bith de na tosca sa tábla thuas ar an bhforbairt i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceisteanna 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceisteanna 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceisteanna 10, 11 agus 12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceisteanna 7 go 9**

## Ceist 7

### 7A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Foirgneamh tionsclaíoch
- Limistéar fásaigh sa chúlra ar dheis.

**[20m]**

### 7B. Cuideachta Ilnáisiúnta

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas ar chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

- Saolré an táirge
- Straitéisí corparáideacha a théann i bhfeidhm ar oscailt agus ar dhruidim monarchana brainse
- Forbairtí i dteicneolaíocht na faisnéise.

**[30m]**

### 7C. Fuinneamh In-Athnuaite


Scrúdaigh an chaoi a bhfuil forbairt ar fhuinnimh in-athnuaite riachtanach don dá rud seo a leanas:

- Comhshaol na hÉireann
- Geilleagar na hÉireann.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. Trádáil Idirnáisiúnta




Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar luach na trádála a rinne an tAontas Eorpach (AE) le tíortha roghnaithe in 2018, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cé acu de na tíortha roghnaithe thuas a fuair an luach ab airde d'easpórtálacha ón Aontas Eorpach (AE) in 2018?

(ii) Cé acu de na tíortha roghnaithe thuas ar uaithi a fuair an AE an luach ab ísle d'iompórtálacha in 2018?

(iii) Ríomh luach iomlán na n-iompórtálacha a tugadh isteach san AE in 2018 (ina billiúin €) ó na tíortha sa bharrachairt thuas.

(iv) Ainmnigh tír **amháin** a raibh barrachas trádála ag an AE léi in 2018.

(v) Ainmnigh tír **amháin** a raibh easnamh sa trádáil ag an AE léi in 2018.

(vi) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le heasnamh sa trádáil a bheith ag tír.

(vii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le líon mór comhpháirtithe easpórtála a bheith ag tír.

**[20m]**

### 8B. Coilíneachas

Scrúdaigh na dúshláin a éiríonn as an gcoilíneachas agus atá roimh gheilleagar i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**8C. Suíomh na Gníomhaíochta Geilleagraí**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Mínigh **dhá** chúis a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta lonnú sa limistéar ar an léarscáil. Úsáid fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thaca le gach cúis díobh.

(ii) Ag úsáid fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, mínigh cúis **amháin** a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta gan lonnú sa limistéar sin.

**[30m]**

## Ceist 9

### 9A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Miondealú ar Chóiríocht do Thurasóirí
in Éirinn in 2019 (%)

| An Cineál Cóiríochta | An Céatadán Turasóirí |
|---|---|
| Cairde/gaolta | 25 |
| Óstáin | 21 |
| Féin-Fhreastail | 21 |
| Tithe Aíochta/L&B | 8 |
| Brúnna | 4 |
| Eile | 21 |

Curtha in oiriúint ó Fáilte Ireland

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar an miondealú ar chóiríocht do thurasóirí in Éirinn in 2019, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a mbíonn tóir ag turasóirí ar Éirinn mar cheann scríbe.

**[20m]**

### 9B. Beartas an Aontais Eorpaigh

Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag beartas an Aontais Eorpaigh ar an bhforbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil in Éirinn.

**[30m]**

### 9C. Coimhlint Leasa

Scrúdaigh conas a d’fhéadfadh coimhlint teacht chun cinn idir saothrú acmhainní nádúrtha agus an gá atá ann an comhshaol a chosaint, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceisteanna 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Bhéal Easa a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.

Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- Páirc spóirt sa chúlra ar dheis
- Eaglais
- Carrchlós eas-sráide.

**[20m]**

**10B. Dinimic Dhaonra**

Scrúdaigh an tslí a dtéann athrú ar na rátaí torthúlachta agus ar na rátaí básmhaireachta i bhfeidhm ar struchtúr an daonra, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

**10C. Imirce**


Agus tagairt agat do réigiún forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air, mínigh an tionchar a bhíonn ag imirce ar gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéir thuaithe
- Limistéir uirbeacha.

**[30m]**

## Ceist 11

### 11A. Athrú Daonra in Éirinn




Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh an graf thuas ina dtaispeántar comhchodanna den athrú daonra in Éirinn do gach tréimhse idir-dhaonáirimh idir 1981 agus 2016, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Abair cé acu atá an ráiteas seo a leanas fíor nó bréagach:
I rith thréimhse idir-dhaonáirimh 2002-2006, tháinig méadú os cionn 50,000 duine ar an daonra.

(ii) Cé acu méadú nádúrtha nó imirce ghlan ba phríomhchúis leis an bhfás a tháinig ar an daonra i rith thréimhse idir-dhaonáirimh 2011-2016?

(iii) Cén tréimhse idir-dhaonáirimh ar tháinig laghdú ar an daonra lena linn?

(iv) Liostaigh **dhá** thréimhse idir-dhaonáirimh arb airde an eisimirce ná an inimirce lena linn.

(v) Cén tréimhse idir-dhaonáirimh ar tharla an méadú nádúrtha ab ísle lena linn?

(vi) Mínigh go hachomair an téarma *athrú nádúrtha*.

(vii) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a dtagann laghdú ar rátaí beireatais.

**[20m]**

**11B. Fadhbanna Uirbeacha – Cathair sa Domhan atá i mBéal Forbartha**

Déan plé ar an gcaoi ar féidir leis an dá fhadhb seo a leanas teacht chun cinn mar thoradh ar fhás lárionad uirbeach, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) de chathair amháin nó níos mó sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi (orthu):

- Plódú tráchta
- Sraoilleáil uirbeach.

**[30m]**

**11C. Lonnaíocht Uirbeach**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis ar fhorbair baile Béal Easa sa suíomh ina bhfuil sé inniu. Úsáid fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thaca le gach cúis díobh.

**[30m]**

## Ceist 12

### 12A. Dinimic Dhaonra

Dlús an Daonra in Éirinn i mBlianta Roghnaithe

| Bliain | Dlús an Daonra (Líon daoine in aghaidh km²) |
|---|---|
| 1970 | 42 |
| 1980 | 49 |
| 1990 | 51 |
| 2000 | 55 |
| 2010 | 66 |
| 2020 | 72 |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar dlús an daonra in Éirinn i mblianta roghnaithe, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí sin a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair fáth **amháin** a bhfuil ardú ag teacht ar dhlús an daonra in Éirinn.

**[20m]**

### 12B. Talamhúsáid uirbeach

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na criosanna talamhúsáide in aon chathair a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

### 12C. Ródhaonra

Scrúdaigh **dhá** chúis atá le ródhaonra, agus bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air (orthu).

**[30m]**

**ROINN 4**

**ROGHAONAID**

## Ceisteanna 13 go 24

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Mairimid i ngeilleagar idirspleách domhanda. Bíonn tionchar ag gníomhartha nó ag cinntí a dhéantar i gceantar amháin ar cheantair eile.

Déan plé ar an ráiteas sin agus tagairt agat don fhairsingiú fásaigh **agus** don dífhoraoisiú.

**[80m]**

**14.** Is samhail don fhorbairt dhaonna agus gheilleagrach sa todhchaí í an inbhuanaitheacht.

Déan plé ar an ráiteas sin agus tagairt agat do **thrí cinn** díobh seo a leanas:

- Úsáid acmhainní
- Trádáil chóir
- Ceisteanna ceartais
- Féintuilleamaí.

**[80m]**

**15.** Tagann athruithe ar thuairimí daoine maidir le forbairt agus tearcfhorbairt.
Pléigh é sin.

**[80m]**

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Tá patrúin éagsúla ithreacha tagtha chun cinn mar thoradh ar ghníomhaíocht na bpróiseas difriúil foirmithe ithreacha.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**17.** Déan plé ar an tionchar a bhíonn ag **trí** cinn ar bith de na tosca seo a leanas ar fhorbairt ithreacha:

- Ábhar mianrach
- Aer
- Uisce
- Ábhar orgánach.

**[80m]**

**18.** Scrúdaigh an chaoi a dtéann gach ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas i bhfeidhm ar bhithóim:

- Leagan na bhforaoiseacha trópaiceacha báistí
- Dianchleachtais talmhaíochta
- Forbairt na tionsclaíochta.

**[80m]**

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh conas is féidir le coimhlint teacht chun cinn idir struchtúir pholaitiúla agus grúpaí cultúir.

**[80m]**

**20.** Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le teanga mar tháscaire cultúir.

**[80m]**

**21.** Scrúdaigh an tslí a gcuireann daoine a gcultúr agus a n-ionannas in iúl sa saol laethúil, agus bíodh tagairt agat do shamplaí in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[80m]**

## Comhshaol an Atmaisféir agus nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh an dáileadh míchothrom teochta a bhíonn ann thar dhromchla an domhain.

**[80m]**

**23.** Thar dhromchla an domhain, téann malartuithe uisce idir aigéin agus an t-atmaisféar i bhfeidhm ar an bhfrasaíocht agus ar phatrúin a dáilte.
Pléigh é sin.

**[80m]**

**24.** Déan cur síos agus tabhair míniú ar na tréithe a bhaineann le cineál **amháin** aeráide domhanda a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Tíreolaíocht Cuid a Dó

Dé hAoine 11 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:20